

HSA

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023



Saolta agus
fiontair
shláintiúla,
shábháilte
agus
tháirgiúla



An Clár

FAISNÉIS	2
RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD	3
AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH	8
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	11
AN RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE	13
AN RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH	14
AN RÁITEAS AR AN STAID AIRGEADAIS	15
AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID	16
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	17

Faisnéis

Comhaltaí an Bhoird	Patricia Byron (An Cathaoirleach)	Ceaptha 30/06/2023
	Paul Kelly (An Leas-Chathaoirleach)	Athcheaptha 20/12/2022
	Bríd De Buitléar	Athcheaptha 11/08/2023
	Ciarán Roche	Athcheaptha 11/08/2023
	David Hughes	Athcheaptha 20/12/2022
	Deirdre MacDonald	Athcheaptha 20/12/2022
	Fiona Kilcullen	Ceaptha 25/09/2023
	Frank Kelly	Athcheaptha 20/12/2022
	Mary Coyne	Athcheaptha 11/08/2023
	Michelle Quinn	Athcheaptha 20/12/2022
	Padraig Somers	Ceaptha 20/12/2022
	Terry O'Niadh	Ceaptha 30/06/2023
	Deirdre Cullivan	Téarma in éag 12/03/2023
	Stephen Curran	Téarma in éag 12/09/2023
Tom Coughlan	Téarma in éag 12/04/2023	
An Príomhfheidhmeannach	Conor O'Brien	Ceaptha 29/05/2023
	Mr. Mark Cullen (Eatramhach)	Téarma in éag 28/05/2023
An Cheann-Oifig	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta An Foirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8	
Iniúcháir	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1, D01 PF72	
Cuntasóirí	Crowleys DFK Cuntasóirí Cairte, 5 Cé an Lapaigh Corcaigh, T12 RW7D	
Iniúcháirí Inmheánacha	Deloitte Áras Deloitte & Touche, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 AY28	
Aturnae	Mason Hayes and Curran South Bank House, Sráid na Bearú Baile Átha Cliath 4, D04 TR29	
Banc	Banc na hÉireann Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 Y754	

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta an 1 Samhain 1989 faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 mar a bhí ag an am. Tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 in áit an Achta sin. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in Alt 16 d'Acht 2005. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Stáit Gnó, Fostaíochta agus Miondíola faoi údarás tarmiligthe ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus tugann an Bord faoin gcúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as gnáthbhainistíocht, rialú agus treo an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Caithfidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Feidhmíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, sna Buanorduithe a d'fhaomh an Bord, agus i Sceideal Feidhmeanna Forchoimeáda agus Tarmiligthe an Bhoird, ina bhfuil na hábhair a gcaithfidh an Bord cinntí a dhéanamh ina leith go sonrath freisin. Áirítear leis na míreanna seasta a mheasann an Bord:

- ▶ Dearbhú leasa;
- ▶ Tuairiscí ó Choistí;
- ▶ Tuairiscí airgeadais/cuntais bainistíochta;
- ▶ Tuairiscí ar fheidhmíocht; agus
- ▶ Ábhair fhorchoimeáda.

Éilíonn Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sé a choinneáil i cibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta:

- ▶ Beartais oiriúnacha chuntasafóchta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- ▶ Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- ▶ A chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasafóchta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais; agus
- ▶ Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thiomhdiú go leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm.

Tá an Bord freagrach as taifid chúil chuntasafóchta a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugtar faoi mheastóireacht rialta ag cruinnithe an Údaráis ar fheidhmíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta trí thagairt don phlean agus buiséad bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta amhail an 31 Nollaig 2023.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí a cheapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an mBord. Ceapadh na comhaltaí Boird le haghaidh tréimhse trí bliana agus tagann siad le chéile go rialta. Tá tréimhse ceapacháin na gcomhaltaí reatha sa tábla thíos:

Comhalta Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
Patricia Byron	An Cathaoirleach	Ceaptha 30/06/2023
Paul Kelly	An Leas-Chathaoirleach	Athcheaptha 20/12/2022
Bríd De Buitléar		Athcheaptha 11/08/2023
Ciarán Roche		Athcheaptha 11/08/2023
David Hughes		Athcheaptha 20/12/2022
Deirdre MacDonald		Athcheaptha 20/12/2022
Fiona Kilcullen		Ceaptha 25/09/2023
Frank Kelly		Athcheaptha 20/12/2022
Mary Coyne		Athcheaptha 11/08/2023
Michelle Quinn		Athcheaptha 20/12/2022
Padraig Somers		Ceaptha 20/12/2022
Terry O'Niadh		Ceaptha 30/06/2023
Deirdre Cullivan		Téarma in éag 12/03/2023
Stephen Curran		Téarma in éag 12/09/2023
Tom Coughlan		Téarma in éag 12/04/2023

Bhunaigh an Bord ceithre (4) Choiste, mar seo a leanas:

- An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais** ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird. Is é cuspóir an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais tacú le Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ina fhreagrachtaí as ceisteanna bainistíochta airgeadais, riosca, rialaithe agus rialachais chorparáidigh trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe a chomhlíonann ceanglais dearbhaithe an Bhoird agus an Phríomhfheidhmeannaigh agus athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus ar iomláine na ndearbhuithe sin.

Tá an Coiste neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúcháireachta ina measc. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais i rith 2023: Deirdre Cullivan (an Cathaoirleach go dtí go ndeachaigh a téarma in éag ar an 12 Márta 2023), Mary Coyne (a ceapadh mar Chathaoirleach an Choiste ar an 8 Nollaig 2023), David Hughes agus Paul Kelly. Ceapadh Frank Kelly ar an gCoiste i rith 2023 freisin. Níor fhreastail sé ar aon chruinniú, toisc nár ceapadh é go dtí an 8 Nollaig 2023. Bhí ocht (8) gcruinniú ag an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais in 2023. Tionóladh seacht (7) cruinniú ó chian agus ceann amháin (1) i bpearsa (cruinniú mhí na Samhna sa cheanncheathrú).
- An Coiste Stiúrtha Straitéiseach** ar a bhfuil seisear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Stiúrtha Straitéisigh forbairt straitéiseach an Údaráis a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Ba iad comhaltaí an Choiste Stiúrtha Straitéisigh i rith 2023: Tom Coughlan (an Cathaoirleach), Bríd De Buitléar, Paul Kelly, Patricia Byron, Michelle Quinn agus Fiona Kilcullen, a tháinig in áit Stephen Curran i rith 2023. Bhí ceithre (4) chruinniú ag an gCoiste Stiúrtha Straitéiseach i rith 2023.
- An Coiste Reachtaíochta agus Treorach** ar a bhfuil cúigear comhaltaí Boird. Is é ról an Choiste Reachtaíochta agus Treorach monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngnéithe reachtaíochta agus treorach i gclár oibre an Údaráis agus scrúdú a dhéanamh ar thograí reachtaíochta, Cóid Chleachtais agus, más gá, Treorach lena mbaineann, agus conclúidí agus/nó moltaí cuí a chur faoi bhráid an Bhoird.

Ba iad comhaltaí an Choiste Reachtaíochta agus Treorach i rith 2023: Andrew Bowers (an Cathaoirleach), Padraig Somers, Ciarán Roche, Frank Kelly, agus Michelle Quinn. Bhí trí (3) chruinniú ag an gCoiste Reachtaíochta agus Treorach in 2023.

4. **An Coiste INAB:** Is Coiste de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Bíonn 13 chomhalta ar Bhord INAB, a dhéanann cinntí a bhaineann le creidiúnú a bhronnadh. Ceapann Bord an Údaráis na comhaltaí sin. Níl aon chomhaltaí Boird ar an gCoiste seo.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tugtar sceideal freastail ag na cruinnithe Boird agus Coiste le haghaidh 2023 thíos, chomh maith leis na táillí agus speansais a fuair gach comhalta:

	An Bord	An Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais	An Coiste Stiúrtha Straitéiseach	An Coiste Reachtaíochta agus Treorach	Táillí 2023 €	Speansais 2023 €
Líon cruinnithe	9	8	4	3		
Patricia Byron	4		3		5,985	133
Paul Kelly	9	8	4		7,695	-
Bríd De Buitléar	9		4		7,695	-
Ciarán Roche	9			3	7,695	953
David Hughes	7	7		3	7,695	375
Deirdre McDonald	9			3	7,695	3,069
Fiona Kilcullen	3				-	-
Frank Kelly	7			3	7,695	-
Mary Coyne	9	8			7,695	2,110
Michelle Quinn	7		3	2	7,695	-
Padraig Somers	9			2	7,695	314
Terry O'Niadh	4				3,848	1,976
Deirdre Cullivan	3	2			-	-
Stephen Curran	4		1		-	-
Tom Coughlan	4		1		-	-
					79,088	8,930

Ní bhfuair Stephen Curran ná Fiona Kilcullen táillí Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' toisc gur oifigigh de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta iad.

Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Tom Coughlan, Cathaoirleach an Bhoird – Ba é an 12 Aibreáin 2023 a dháta deiridh leis an mBord.

Stephen Curran, Comhalta Boird – Ba é an 12 Meán Fómhair 2023 a dháta deiridh leis an mBord.

Deirdre Cullivan, Comhalta Boird agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais – Ba é an 12 Márta 2023 a dháta deiridh leis an mBord.

Patricia Byron, Cathaoirleach an Bhoird – Ba é an 30 Meitheamh 2023 a céad lá leis an mBord.

Terry O'Niadh, Comhalta Boird – Ba é an 30 Meitheamh 2023 a chéad lá leis an mBord.

Fiona Kilcullen, Comhalta Boird – Ba é an 25 Meán Fómhair 2023 a céad lá leis an mBord.

Mary Coyne, Comhalta Boird – Athcheapadh ar an mBord í ar an 11 Lúnasa 2023 agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais ar an 8 Nollaig 2023.

Ciarán Roche, Comhalta Boird – Athcheapadh ar an mBord é ar an 11 Lúnasa 2023.

Bríd De Buitléar, Comhalta Boird – Athcheapadh ar an mBord í ar an 11 Lúnasa 2023.

Mark Cullen, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach – Chuaigh a théarma in éag an 28 Bealtaine 2023.

Conor O'Brien – Ceapadh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin é le héifeacht ón 29 Bealtaine 2023.

Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016.

In 2023, fuair Príomhfheidhmeannach an Údaráis, i gcomhthéacs a ról mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, 25 nochtadh chosanta ó pháirtithe lasmuigh den Údarás agus a bhain le tríú páirtithe.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta go himhneánach ó fhoireann an Údaráis.

Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid:

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre.

	2023 €	2022 €
Comhairle dlí	51,983	81,787
Comhairle airgeadais/achtúireach	32,973	68,836
Sainchomhairleoireacht TF	1,015,980	196,375
Cumarsáid Sheachtrach	4,305	66,981
Sainchomhairleoireacht sláinte ceirde	53,375	41,623
Forbairt straitéise	37,659	-
Acmhainní Daonna	-	171,889
Costais sainchomhairleoireachta iomlána	1,196,275	627,491
Costais sainchomhairleoireachta chaipitlithe	-	-
Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	1,196,275	627,491
Iomlán	1,196,275	627,491

Costais Dlí agus Socruithe

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar shuimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear ann caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a nochtar sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2023 €	2022 €
Costais dlí	61,507	60,123
Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána	-	-
Socruithe	-	-
Iomlán	61,507	60,123

Áirítear sna costais dlí seo suim €0 i leith cúinsí leanúnacha a bhaineann le gníomhaireachtaí Stáit eile.

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar catagóirí ar chaiteachas taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

	2023 €	2022 €
Intíre		
An Bord	8,930	8,819
Fostaithe	1,275,036	965,355
Idirnáisiúnta		
An Bord	-	208
Fostaithe	114,389	49,812
Iomlán	1,398,355	1,024,194

Áirítear leis taisteal agus cothú €8,930 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird in 2023 (2022: €8,819). D'íoc an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta €0 mar chaiteachas taistil agus cothaithe thar ceann na gcomhaltaí Boird in 2023 (2022: €208).


Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2023 €	2022 €
Fáilteachas foirne	9,040	5,880
Fáilteachas cliant/eile	1,168	267
Iomlán	10,208	6,147

An Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus chuir sé gnáthaimh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go substaintiúil le haghaidh 2023.



Patricia Byron
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 25 Meitheamh 2024



Mary Coyne
Comhalta Boird

Dáta: 25 Meitheamh 2024

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

An Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, aithním an fhreagracht atá orainn as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear agus go ndéantar taifeadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil. Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás chun timpeallacht chúil rialaithe a chinntiú mar seo a leanas:

- ▶ Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- ▶ Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chúil a chinntiú;
- ▶ Próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint; agus
- ▶ Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt i ngach leibhéal den eagraíocht.

An Cumas Dul i nGleic le Riosca

Tá próisis bunaithe ag an Údarás chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu mar seo a leanas:

- ▶ Cineál, méid agus tionchair airgeadais na rioscaí a bhíonn le sárú ag an Údarás a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé atá inghlactha;
- ▶ An dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheasúnú;
- ▶ Cumas an Údaráis chun rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú a mheasúnú;
- ▶ Costais rialuithe áirithe oibríochta a mheasúnú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaintear astu; agus
- ▶ Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ar spriocanna an Údaráis agus tacaíocht do na straitéisí chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas, agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear leis sin go háirithe:

- ▶ Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- ▶ Athbhreithnithe rialta an Bhoird ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- ▶ Spriocanna a leagan síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- ▶ Treoirínte ceannaigh agus faofa atá sainithe go soiléir; agus
- ▶ Disiplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Bíonn Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais gníomhach, a tháinig le chéile ocht n-uaire i rith na bliana, ag obair go dlúth leis an mBord ar réimsí riosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Údarás. Leagann an Bord amach an fonn riosca don Údarás, cinntíonn sé go bhfuil próisis bainistíochta riosca i bhfeidhm agus sonraíonn sé ról agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Déantar meastóireacht ar an rioscaí le clár rioscaí, ina saináithnítear príomhrioscaí an Údaráis, agus rangáitear na rioscaí de réir na dóchúlachta agus na n-iarmhairtí don Údarás le mairtís scórála chomhaontaithe. Déanann an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais agus an Bord athbhreithniú ar an gClár Rioscaí ag gach cruinniú.

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm le haghaidh na réimsí seo a leanas:

- ▶ Taifeadadh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad;
- ▶ Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- ▶ Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an ardbhainistíocht faoi athbhreithniú;
- ▶ Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, chun na sócmhainní a chosaint.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag an Údarás, feidhm a ghníomhaíonn de réir na bprionsabal sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2016. Cabhraíonn gnólacht iniúcháirí inmheánacha neamhspleácha leis an Údarás an plean iniúcháireachta inmheánaí a d'fhaomh an Bord a chur i bhfeidhm. Treoraíonn anailís ar an riosca dá nochtar an tÚdarás obair na iniúcháireachta inmheánaí, agus bunaítear a pleananna iniúcháireachta inmheánaí bliantúla ar an anailís sin.

Tacaíonn an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais leis an anailís ar riosca agus na pleananna iniúcháireachta inmheánaí agus faomhann Bord an Údaráis iad. Uair sa bhliain ar a laghad, tabharfaidh an tIniúcháir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúcháireachta inmheánaí don Údarás. Áirítear sa tuarascáil sin tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair an iniúcháir inmheánaigh, an Coiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúcháir inmheánaigh, Feidhmeannas an Údaráis atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a bhainistiú, agus ráitis a dhéanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirilínte reatha soláthair a chinntiú, agus gur chomhlíon an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta na nósanna imeachta sin go substaintiúil i rith 2023.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

D'athbhreithnigh an Bord an Ráiteas ar an gcóras Rialaithe Inmheánaigh ar an 5 Márta 2024 chun a chinntiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm i rith na tréimhse tuairiscithe.


Chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, mheas na Bord tuarascálacha bliantúla ón bhFeidhmeannas ar phróisis bainistíochta riosca agus bainistíochta sábháilteachta chomh maith le sraith tuarascálacha airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Measadh na tuarascálacha sin i dteannta tuarascáil bhliantúil ón gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais agus tuarascálacha rialta ón Iniúcháir Inmheánach. Tabharfaidh na hIniúcháirí Inmheánacha faoi athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais go luath in 2024.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha in 2023. Tá dearbhú réasúnta ag an Údarás gur éifeachtach na córais rialuithe inmheánacha a thionscain agus a chuir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach in 2023.

Thar ceann an Bhoird.



Patricia Byron
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 25 Meitheamh 2024



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasafóchta.

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas firinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta amhail an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2023 de réir an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna), mar a fheidhmíonn Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Institiúidí Iniúchóireachta iad. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eitiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhar eile

Chuir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsítear ansin an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí Boird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisciú ar fhaisnéis dá leithéid, agus ar ábhar áirithe eile a dtuairiscím orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Paula O'Connor
Le haghaidh agus thar ceann
an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais bliantúil i bhfoirm a fhorordaítear faoi alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá ag teastáil chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 48 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus tuairisciú ina leith sin do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh ar bun dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíríteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní chinntíonn sé go dtabharfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna míráiteas ábhartha faoi deara i gcónaí más ann dó. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaidís go réasúnta, astu féin nó le chéile, tionchar a imirt ar chinntí geilleagracha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim amhras gairmiúil i rith an iniúchta. Dá réir sin,

- sainaitním agus déanaim measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid; ceapaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar gheall ar chalaos níos airde ná ceann mar gheall ar earráid, toisc go bhféadfadh go mbeadh baint ag claonpháirteachas, brionnú, ábhar a fhágáil ar lár d'aon turas, míléirithe, nó sárú rialaithe inmheánaigh le calaois.
- faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar chomh hiomchuí is atá na beartais chuntasaíochta a úsáidtear agus ar chomh réasúnta is atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh lena mbaineann.

- Bainim tatal as ar chomh hiomchuí is atá sé bonn an ghnóthais leantaigh a úsáid sa chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú i leith chumas an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thatal as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh lena mbaineann sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil an nochtadh sin leordhóthanach, mo thuairim a athrú. Tá mo thatal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dáta mo thuarascála. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara ar Údarás Sláinte agus Sábháilteachta gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear aon nochtadh, agus an léiriú na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a chuireann faisnéis i láthair go cóir.

Bím i mbun cumarsáide leo siúd atá freagrach as cúrsaí rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus sceideal beartaíthe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaitním i rith m'iniúchta.

Tuairiscim mar eisceacht sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál tatal dearbhaithe ina leith in iúl.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, dá réir sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fhaightear i rith an iniúchta, nó más cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ar bhealach ar bith eile. Má bhainim de thatal as an obair a dhéanaim go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhar eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscim má shainaitním ábhar ábhartha eile ann maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Agus an t-iniúchadh ar bun agam, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscim má shainaitním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí i gceist nó nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Ioncam			
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta - Deontas ón Oireachtas	2	27,999,054	23,840,928
Ioncam Creidiúnaithe	3	3,371,175	3,343,688
Ioncam COMAH	4	185,350	130,500
Ioncam Eile	5	501,472	416,788
Cistiú sochair scoir iarchurtha	13	5,559,715	5,392,865
		37,616,766	33,124,769
Caiteachas			
Costais Tuarastail	6	17,154,303	15,050,621
Costais Sochair Scoir	13	7,014,054	6,894,928
Speansais Oibríochta	8	12,987,426	11,104,833
		37,155,783	33,050,382
Barrachas/(Easnamh) roimh leithreasú		460,983	74,387
Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil	12	(873,900)	(481,213)
Barrachas/(Easnamh) i ndiaidh leithreasú		(412,917)	(406,826)
An tIarmhéid a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir		1,618,161	2,024,987
An tIarmhéid a Tugadh ar Aghaidh an 31 Nollaig		1,205,244	1,618,161

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19.

Patricia Byron
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 25 Meitheamh 2024

Mary Coyne
Comhalta Boird

Dáta: 25 Meitheamh 2024

An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(412,917)	(406,826)
Gnóthachan/Caillteanas taithe ar oibleagáidí sochair scoir		(165,000)	8,826,000
Athrú ar thiomhdí is bonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir		5,408,000	(55,521,000)
(Gnóthachain)/Caillteanais achtúireacha sa bhliain	13	5,243,000	(46,695,000)
Coigeartú ar chistiú sochair scoir iarchurtha		(5,243,000)	46,695,000
(Easnamh)/Barrachas Iomlán don bhliain		(412,917)	(406,826)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19.

Patricia Byron
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 25 Meitheamh 2024

Mary Coyne
Comhalta Boird

Dáta: 25 Meitheamh 2024

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	9	2,233,470	1,359,570
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	10	1,331,389	1,115,932
Airgead agus coibhéisí airgid		1,606,684	1,537,981
		2,938,073	2,653,913
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna iníoctha	11	(1,732,829)	(1,035,752)
Glansócmhainní Reatha		1,205,244	1,618,161
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha roimh Shochair Scoir			
		3,438,714	2,977,731
Sócmhainn cistithe sochair scoir iarchurtha	13	123,847,537	113,044,822
Oibleagáid sochar scoir	13	(123,847,537)	(113,044,822)
Glansócmhainní Iomlána			
		3,438,714	2,977,731
Ag léiriú			
Cúlchistí ioncaim choinnithe		1,205,244	1,618,161
Cuntas caipitil	12	2,233,470	1,359,570
		3,438,714	2,977,731

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 19.

Patricia Byron
Cathaoirleach an Bhoird

Dáta: 25 Meitheamh 2024

Mary Coyne
Comhalta Boird

Dáta: 25 Meitheamh 2024

An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023

	Nótaí	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Glan-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) oibríochta don bhliain		(412,917)	(406,826)
Dímheas	9	376,415	266,123
Aistriú (ó)/chuig Cúlchiste Caipitil	12	873,900	481,213
(Laghdú)/Méadú ar shuimeanna infóchta	11	697,077	235,700
(Méadú)/Laghdú ar shuimeanna infhaighte	10	(215,457)	(109,067)
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		1,319,018	467,143
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		1,319,018	467,143
Íocaíochtaí chun réadmhaoín, gléasra agus trealamh a fháil	9	(1,250,315)	(747,336)
Glanmhéadú ar Airgead agus ar Choibhéisí airgid		68,703	(280,193)
Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig 2022		1,537,981	1,818,174
Airgead agus Coibhéisí Airgid an 31 Nollaig 2023		1,606,684	1,537,981

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Nótaí 1 go 19.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos an bunús cuntasáíochta agus na beartais shuntasacha chuntasáíochta ar ghlac an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta leo. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 in áit Acht 1989). Bronnadh feidhmeanna breise ar an Údarás ina dhiaidh sin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. Tá Ceann-Oifig an Údaráis san Fhoirgneamh Cathrach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1 D01 K0Y8.

Leagtar amach príomhchuspóirí an Údaráis in Alt 34 d'Acht 2005. Tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) freagrach as riaradh agus forfheidhmiú na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair in Éirinn. Déanann an tÚdarás monatóireacht ar chomhlíonadh reachtaíochta san ionad oibre agus féadfaidh sé gníomh forfheidhmithe a dhéanamh (go dtí agus lena n-áirítear ionchúisimh). Is an tÚdarás an t-ionad náisiúnta le haghaidh faisnéise agus comhairle d'fhostóirí, fostaithe agus daoine féinhostaithe ar gach gné den tsláinte agus sábháilteacht san ionad oibre. Cuireann an Údarás oideachas, oiliúint agus taighde i réimse na sláinte agus sábháilteachta chun cinn freisin. Tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainchúram an Údaráis, lena n-áirítear:

- ▶ Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu a rialáil.
- ▶ Feabhsúchán a chur chun cinn i sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu.
- ▶ Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- ▶ Feidhmiú mar údarás faireachais maidir le reachtaíocht ábhartha an mhargaidh Eorpaigh aonair.
- ▶ Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe le haghaidh na hÉireann.

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú de réir shraith caighdeán ábhartha 17000 de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO). Is é comhlacht náisiúnta na hÉireann é i líonra Eorpach na gcomhlachtaí creidiúnaithe. Déanann INAB measúnú ar chomhlachtaí creidiúnaithe, saotharlanna agus comhlachtaí cigireachta le seiceáil an gcloíonn siad le caighdeán chomhchuibhithe idirnáisiúnta, ag soláthar dearbhú go léiríonn na comhlachtaí sin inniúlacht agus cumas feidhmíochta ina gcuid oibre.

Bunaíodh INAB mar Choiste Forfás faoi Alt 10 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 arna leasú le hAlt 46 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014, aistríodh INAB mar Choiste de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, agus aistríodh feidhmeanna agus foireann iomlán INAB go dtí an tÚdarás.

Is é an tÚdarás an comhlacht atá freagrach as creidiúnú de réir an dlí. Tarmligtear an fhreagracht sin chuig an gCoiste (ar a dtugtar an Bord Creidiúnúcháin i reachtaíocht 2014). Ceapann Bord an Údaráis comhaltaí an Bhoird Creidiúnúcháin agus is fostaithe de chuid an Údaráis iad an fhoireann a shanntar do INAB chun tabhairt faoina fheidhmeanna laethúla.

Is Eintiteas ar mhaithe le Leas an Phobail é an tÚdarás.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

b) An Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

c) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhformáid a d'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le comhthoilliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ag déileáil le hítimí a mheastar is gá maidir le ráitis airgeadais an Údaráis.

d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhráithe go hiondúil; eisceacht amháin is ea na Deontais ón Oireachtas, a aithnítear ar bhonn admhálacha airgid. Léiríonn deontais ón Oireachtas a thaispeántar sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Ioncaim Choinnithe na suimeanna a fuarthas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i leith na bliana sin.

Ioncam INAB

Léiríonn ioncam do Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) ioncam a gcuirtear sonrasc ina leith i rith na bliana.

Ioncam COMAH

Ioncam ó chostais in-aisghabhála ar cuireadh sonrasc ina leith i rith na bliana as cigireachtaí agus imscrúduithe a dhéanamh faoi na Rialacháin um an Acht Ceimiceán, 2015.

Ioncam Eile

Taifeadtar gach ioncam eile sa tréimhse lena mbaineann sé sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon fhorála le haghaidh bearnú. Foráiltear do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach measta a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

Troscán agus trealamh oifige	20%	De réir méid chothroim
Trealamh ríomhaireachta	33.33%	De réir méid chothroim
Trealamh eolaíochta	20%	De réir méid chothroim
Daingneáin agus fearais	10%	De réir méid chothroim
Forbairt bogearraí	10%	De réir méid chothroim

Feidhmíonn an tÚdarás beartas tairsí caipitlithe €1,000.

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú ar luach na sócmhainne, aithnítear an cailteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

f) Cuntas Caipitil

Cuimsítear sa Chuntas Caipitil luach gan amúchadh na ndeontas caipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a chistiú.

g) Airgeadra Eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malartaithe tráth na n-idirbheart bunaidh.

Déileáladh le brabúis agus cailteanais a eascraíonn as aistrithe airgeadra eachtraigh agus ar shocrú suimeanna infhaighte agus infótha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Coinnithe.

h) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte ag a luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta in ann na suimeanna ar fad atá ag dul dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

i) Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, seachas má tá méaduithe cíosa ann a bhaineann leis an ráta measta boilscithe, nuair a aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

j) Sochair fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana i bhfígiúr na Suimeanna Infótha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a scéim pinsin le sochar sainithe roimhe seo, scéim a chistítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a théitear ó airgead a thugann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastal foirne agus comhaltaí. Feidhmíonn an tÚdarás Scéim Aonair Pinsin na Seirbhísí Phoiblí ("an Scéim Aonair") freisin, scéim sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhail na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsean sochair pinsean a thuill fostaithe, agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuipear pinsean mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a íoc.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag luach cóir, sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Údarás agus aon chistiú lena mbaineann, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta a dtuilltear fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

k) Forálacha

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ag an Údarás mar thoradh ar imeachtaí a tharla roimhe sin; is dóigh go mbeadh eas-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach; agus is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar shuim na hoibleagáide.

l) Teagmhais

Ní aithnítear dliteanais teagmhais a eascraíonn as imeachtaí a tharla roimhe seo (i) nuair nach dóigh go mbeidh eas-sreabhadh acmhainní ann nó nuair nach féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar gurb ann dó mar go dtarlaíonn nó nach dtarlaíonn imeachtaí éiginnte sa todhchaí nach bhfuil smacht iomlán ag an Údarás orthu. Nochtar dliteanais teagmhais sna ráitis airgeadais murar dóigh ar chor ar bith go mbeidh eas-sreabhadh ann.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhais. Nochtar sócmhainní teagmhais sna ráitis airgeadais nuair is dóigh go mbeidh insreabhadh sochar geilleagrach ann.

m) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Éilítear ar an lucht bainistíochta, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Ach mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh an-difríocht idir na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní a bhíonn faoi réir amúchadh le haghaidh bearnú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear cailteanas bearnúcháin don tsuim dá sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide, pé acu is mó. Ar mhaithe le bearnú a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Athbhreithnítear sócmhainní neamhairgeadais ar tharla bearnú orthu le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

D'athbhreithnigh na Stiúthóirí saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha lena mbaintear na n-aicmí sócmhainní seasta ar fad, agus go háirithe, saolré úsáideach geilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus fearas, agus bhain siad de thátaí as sin ar fad go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

Forálacha

Déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta forálacha d'oibleagáidí dlí agus inchiallaithe, nuair is eol dó go bhfuil siad gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Bíonn na forálacha sin bunaithe ar eolas stairiúil nó ar eolas ábhartha eile, coigeartaithe do threochtaí le deireanaí nuair is gá. Ach is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí nach dtarlóidh go ceann roinnt mhaith blianta seans. Dá bhrí sin, agus de bharr a mhéad éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhir agus an meastachán.

Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar athbhreithniú bliantúil, bunaithe ar na dálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir, ar na toimhdí is bonn taca do na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí threochtaí na gcostas cúram sláinte).

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

D'fhéadfaidís seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán
- (ii) leibhéil cúitimh sa todhchaí, dálaí mhargadh an tsaothair sa todhchaí
- (iii) rátaí treochta costas cúraim sláinte, ráta boilscithe na gcostas leighis sna réigiúin ábhartha

2. DEONTAIS ÓN OIREACHTAS

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta – Vóta 32 – Fotheideal C5	28,909,000	24,671,000
Ranníocaíochtaí Pinsin Fostaithe a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	(646,408)	(649,551)
Ranníocaíochtaí na Scéime Singil a cuireadh ar aghaidh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	(263,538)	(180,521)
	27,999,054	23,840,928

I ndiaidh é a phlé leis an Roinn, cuireadh socrú nua i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2021 trína bhfaigheann an tÚdarás cistiú breise anois mar mhír líne scoite inár leithdháileadh Deontais Státchiste gach bliain i leith íocaíochtaí cnapshuime agus cuireann an tÚdarás na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe ar fad ar aghaidh chuig an Roinn gach mí.

3. IONCAM CREIDIÚNAITHE

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Ioncam Creidiúnaithe	3,371,175	3,343,688

I ndiaidh dhíscáoileadh Forfás in 2014, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá INAB freagrach as gníomhaíochtaí creidiúnaithe agus cuireann sé sonraisc chuig cliaint as an obair a dhéantar.

4. IONCAM COMAH

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Ioncam COMAH	185,350	130,500

In 2016, thug an tÚdarás sceideal táillí isteach le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla cigireachta agus imscrúdaithe faoi na Rialacháin um an Acht Ceimiceán (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), 2015.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

5. IONCAM EILE

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Ioncam ó Chúrsa Oiliúna Tiománaithe	50,000	50,000
Fíneálacha ADR ¹	4,850	9,300
Ioncam ECHA ²	11,137	10,930
Ilghnéitheach (Seimineáir, Dlí, Speansais Finnéithe, Coimisiún an Aontais Eorpaigh)	103,964	85,587
Ioncam Sábháilteachta Feirme ³	331,521	260,971
	501,472	416,788

¹Baineann ioncam fíneálacha ADR le fíneálacha a d'eisigh cigirí an Údaráis as sárú reachtaíochta maidir le hearraí contúirteacha a iompar de bhóthar.

²Baineann ioncam ECHA le fostú chigirí an Údaráis chun obair a dhéanamh thar ceann na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán.

³Cistí a fuarthas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara as gníomhaíochtaí sábháilteachta feirme. Tabhair faoi deara gur athaicmíodh an léiriú ar ioncam ilghnéitheach agus sábháilteachta feirme le haghaidh 2022 de réir léiriú ráitis airgeadais na bliana seo.

6. COSTAIS TUARASTAL

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Sochair ghearrthéarmacha na foirne	15,614,889	13,707,447
ÁSPC an fhostóra	1,539,414	1,343,174
Costais Tuarastal Iomlána	17,154,303	15,050,621

Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Buntuarastal	15,539,502	13,619,753
Ragobair	31,078	29,760
Liúntais	44,309	57,934
Costais chúitimh eile	-	-
	15,614,889	13,707,447

Deimhníonn an tÚdarás nár íocadh aon íocaíocht foirceanta i rith 2023.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

6. COSTAIS TUARASTAL (ar lean)

Líon Foirne

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana – Gairmiúil/teicniúil	156.3	141.1
Leibhéil Foirne Iarbhír amhail deireadh na bliana – Riarachán	99.6	87.2
	255.9	228.3

Baineadh tobhach pinsean €597,539 (2022: €541,639) ó chomhaltaí foirne agus íocadh é leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 €	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 €
Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh		
Pá Comhlán Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	93,619	143,846
Pá Comhlán Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh	73,193	18,846
Taisteal agus Cothabháil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh		
Costais Taistil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	1,549	2,863
Costais Taistil an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh	4,219	1,242

Fuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin tuarastal €93,619 agus speansais dar luach €1,549 in 2023.

Fuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach tuarastal €73,193 agus speansais dar luach €4,219 in 2023.

Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ná an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach aon bhónas ná peorcáis sa bhliain.

Tá teidlíochtaí sochair pinsin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin Eatramhaigh ag teacht leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim samhla aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

6. COSTAIS TUARASTAL (ar lean)

Miondealú ar Shochair Fostaithe

Raon na sochar fostaithe iomlán		Líon Fostaithe	
Ó	Go	2023	2022
€60,000	- €69,999	42	34
€70,000	- €79,999	40	37
€80,000	- €89,999	26	22
€90,000	- €99,999	17	16
€100,000	- €109,999	5	4
€110,000	- €119,999	3	3
€120,000	- €129,999	4	3
€130,000	- €139,999	0	1
€140,000	- €149,999	1	0
Iomlán		138	120

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nocht seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, líuntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ÁSPC an fhostóra.

7. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS NA gCOMHALTAÍ

Comhalta Boird	2023	2023	2022	2022
	Táillí €	Speansais €	Táillí €	Speansais €
Patricia Byron (An Cathaoirleach)	5,985	133	-	-
Paul Kelly (An Leas-Chathaoirleach)	7,695	-	7,695	-
Bríd De Buitléar	7,695	-	7,695	-
Ciarán Roche	7,695	953	7,695	1,063
David Hughes	7,695	375	7,695	509
Deirdre McDonald	7,695	3,069	7,695	1,265
Fiona Kilcullen	-	-	-	-
Frank Kelly	7,695	-	7,695	-
Mary Coyne	7,695	2,110	7,695	2,066
Michelle Quinn	7,695	-	7,695	-
Padraig Somers	7,695	314	-	-
Terry O'Niadh	3,848	1,976	-	-
Andrew Bowers	-	-	7,695	187
Deirdre Cullivan	-	-	7,695	534
Stephen Curran	-	-	-	182
Tom Coughlan	-	-	11,970	3,221
	79,088	8,930	88,920	9,027

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

8. SPEANSAIS OIBRÍOCHTA

	lomlán 2023 €	lomlán 2022 €
Cóiríocht	1,975,127	1,634,711
Costais chumarsáide	243,884	255,202
Taisteal agus cothabháil – náisiúnta	1,283,966	974,174
Taisteal agus cothabháil – idirnáisiúnta	114,389	50,020
Foilseacháin agus margaiócht	1,147,896	1,417,580
Seirbhísí dlí	113,490	141,910
Taighde	1,531	16,346
Seirbhísí airgeadais	558,315	550,221
Pinsin agus acmhainní daonna	43,787	31,480
Sainchomhairleoireacht eile	958,747	1,088,108
Creidiúnú - costais measúnóirí seachtracha	1,260,939	1,022,001
Athbhreithniú ar phróiseas gnó	1,319,773	854,621
Costais foirne	816,489	1,055,829
Soláthairtí trealaimh ghinearálta	195,232	329,098
Infheistíocht i bhfoghlaím	407,734	254,960
Costais teicneolaíochta	1,821,746	784,603
Dímheas	376,415	266,123
Táillí iniúchóireachta inmheánaí	31,953	35,243
Táillí iniúchóireachta seachtraí	21,200	21,200
Táillí na gComhaltaí	84,381	120,688
Eile	210,432	200,715
Drochfhiacha	-	-
	12,987,426	11,104,833

Áirítear le speansais oibríochta muirear €22,537 (2022: €6,147) i ndáil le suimeanna a d'íoc an tÚdarás as fáilteachas foirne/eile.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

9. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

	Daingneáin agus Fearais	Trosacán agus Trealamh	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Eolaíochta	Forbairt Bogearraí	Iomlán
Costas	€	€	€	€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2023	670,384	496,579	616,258	101,468	1,853,281	3,737,970
Breiseanna sa bhliain	486,263	10,539	39,836	-	713,677	1,250,315
Diúscairtí	(22,226)	-	(82,276)	-	-	(104,502)
Amhail an 31 Nollaig 2023	1,134,421	507,118	573,818	101,468	2,566,958	4,883,783

Dímheas carnach

Amhail an 1 Eanáir 2023	421,565	496,579	572,971	64,870	822,415	2,378,400
Muirear don bhliain	107,927	2,108	34,921	18,299	213,160	376,415
Diúscairtí	(22,226)	-	(82,276)	-	-	(104,502)
Amhail an 31 Nollaig 2023	507,266	498,687	525,616	83,169	1,035,575	2,650,313

Glanluach de réir na leabhar

Amhail an 31 Nollaig 2023	627,155	8,431	48,202	18,299	1,531,383	2,233,470
Amhail an 31 Nollaig 2022	248,819	-	43,287	36,598	1,030,866	1,359,570

10. SUIMEANNA INFHAIGHTE

	31 Nollaig 2023 €	31 Nollaig 2022 €
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe	1,186,733	896,987
Creidiúnú agus suimeanna infhaighte COMAH	136,396	213,409
Suimeanna infhaighte eile	8,260	5,536
	1,331,389	1,115,932

Luachanna córa na suimeanna infhaighte agus na réamhíocaíochtaí gar dá suimeanna glanluacha. Tá na suimeanna infhaighte ar fad dlite laistigh de bhliain amháin.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

11. SUIMEANNA INÍOCTHA

	31 Nollaig 2023 €	31 Nollaig 2022 €
Creidiúnaithe trádála	563,798	219,382
Fabhruithe	1,007,459	776,030
Creidiúnaithe cánach – CBL agus Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla	145,244	28,090
Creidiúnaithe eile	6,519	170
Creidiúnaithe párolla	9,809	12,080
	1,732,829	1,035,752

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Fabhraíonn ús ar íocaíocht dheireanach.

Ní raibh aon ús dlite ar dháta dheireadh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na bunchonarthaí.

12. CUNTAS CAIPITIL

	31 Nollaig 2023 €	31 Nollaig 2022 €
Iarmhéid Tosaigh	1,359,570	878,357
Aistriú chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas		
Cistiú chun Sócmhainní a fháil	1,250,315	747,336
Amúchadh de réir dímheas sócmhainne	(376,415)	(266,123)
	873,900	481,213
An tIarmhéid Deiridh amhail an 31 Nollaig	2,233,470	1,359,570

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

13. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

i. Anailís ar na costais sochair scoir iomlána a ghearrtar ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

	31 Nollaig 2023 €	31 Nollaig 2022 €
Costas seirbhíse reatha	3,901,000	5,887,000
Ús ar dhliteanais scéime sochair scoir	4,023,000	1,838,000
Ranníocaíocht fostaithe	(909,946)	(830,072)
	7,014,054	6,894,928

ii. Gluaiseacht sna hoibleagáidí le sochar sainithe i rith na bliana airgeadais

	31 Nollaig 2023 €	31 Nollaig 2022 €
Glandliteanas na sochar scoir amhail an 1 Eanáir	(113,044,822)	(154,346,957)
Costas seirbhíse reatha	(3,901,000)	(5,887,000)
Costais um sheirbhís roimhe seo	-	-
Costas úis	(4,023,000)	(1,838,000)
Sochair scoir a íocadh sa bhliain	2,364,285	2,332,135
Gnóthachan/(Cailtanas) achtúireach	(5,243,000)	46,695,000
Glandliteanas na sochar scoir amhail an 31 Nollaig	(123,847,537)	(113,044,822)

Áirítear le sochair a íocadh sa bhliain costais scoir cnapshuime €270,589.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

iii. Sócmhainn cistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an tÚdarás na suimeanna dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-chistithe le haghaidh sochair scoir ar bhunús na dtuairimí a ndéantar cur síos orthu thuas, agus roinnt imeachtaí roimhe sin. Áirítear leis na himeachtaí sin bonn reachtúil do bhunú na scéime sochar scoir, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le sochair pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas cistithe sin ar aghaidh ag comhlíonadh suimeanna dá leithéid de réir cleachtas reatha.

Ba é an Glan-Chistiú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir a aithníodh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

	31 Nollaig 2023 €	31 Nollaig 2022 €
Cistiú in-aisghabhála i leith chostais na bliana reatha	7,924,000	7,725,000
Deontas Stáit a Úsáideadh chun pinsinéirí a íoc	(2,364,285)	(2,332,135)
	5,559,715	5,392,865

B'ionann an tsócmhainn cistithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2023 agus €123,847,537 (2022: €113,044,822).

iv. Stair na n-oibleagáidí le sochar sainithe

	31 Nollaig 2023 €	31 Nollaig 2022 €
Cailteanais/(Gnóthachain) ó thaithe ar dhliteanais scéime		
Suim	(165,000)	8,826,000
Céatadán na ndlíteanas scéime	3.15%	3.6%

Is ionann an gnóthachan/cailteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €7,014,054.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

v. Cur síos ar an scéim

Feidhmíonn an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamh-chistithe le haghaidh na foirne. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoi na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar iad ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cuntas Cúlchistí Ioncaim Choinnithe, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain ina n-éiríonn siad iníoctha.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS 102 ar luacháil iomlán achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe agus ceanglais FRS á gcur san áireamh chun dlíteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2023 a mheasúnú.

Ba iad na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun compháirteanna an chostais sochair shainithe a ríomh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023:

	31 Nollaig 2023 €	31 Nollaig 2022 €
Ráta lascaine	3.60%	1.20%
Ráta boilscithe	2.60%	2.20%
Méaduithe ar thuarastail	3.80%	3.40%
Méaduithe ar shochar scoir	3.55%	3.15%

Mar gheall ar an mbunús mortlaíochta a glacadh, glactar go mbeidh feabhas ar ionchais saoil le himeacht aimsire ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ag aois scoir ar an mbliain a mbainfidh an comhalta aois scoir (65) amach. Tá líon na gcomhaltaí sa Scéim agus líon na mbásanna róbheag chun anailís a dhéanamh orthu agus aon mheastacháin bhríocha a bhaineann leis an Scéim seo go sonrach a thabhairt faoi leibhéil mhortlaíochta amach anseo. Is é an meán-ionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dlíteanais sochair scoir a chinneadh:

	Fear 65 bliain d'aois	Bean 65 bliain d'aois
Pinsinéirí reatha 2023	22.1 bliain	24.4 bliain
Pinsinéirí sa todhchaí a théann ar scor in 2043	24.3 bliain	26.4 bliain

14. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Amhail an 31 Nollaig 2023 bhí na híocaíochtaí léasa íosta sa todhchaí a leanas ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chur ar ceal le haghaidh na dtréimhsí seo a leanas.

	2023 €	2022 €
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	1,119,809	947,354
Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana	2,478,111	2,862,960
Iníoctha i ndiaidh cúig bliana	665,244	361,999
	4,263,164	4,172,313

B'ionann na híocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithnítear mar speansas agus €1,119,809 (2022: €947,354). Tabhair faoi deara go n-eisiatar muirir seirbhísí ón gcostas léasa thuas agus gur nuashonraíodh figiúr 2022 chun é sin a léiriú.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

15. CEANGALTAIS CAIPITIL

Ní raibh aon cheangaltais caipitil ann amhail an 31 Nollaig 2023.

16. NOCHTADH PÁIRTÍ GHAOLMHAIR

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna Chomhaltaí an Údaráis agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbhearta sa tréimhse i leith ghníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh leas tairbhiúil ag Comhaltaí an Údaráis. Aithnítear an tÚdarás mar chomhlacht poiblí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus de réir Ionstraim Reachtúil Uimh. 607 de 2008, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2009. Tá dualgas ar Chomhaltaí an Údaráis dearbhuithe leasa a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí don tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

Is iad an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí an Údaráis an príomhphearsanra bainistíochta san Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí chomhaltaí an Údaráis agus luach saothair iomláin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus €245,900 (2022: €251,612). Tugtar miondealú iomlán ar an luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta i Nótaí 6 agus 7.

Nótaí (atá mar chuid de na ráitis airgeadais)

17. ÁITREABH

- a) Talamh agus Foirgnimh: Níl aon talamh ná foirgnimh ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.
- b) Tá na háitribh ar fad ar léas ag an Údarás. Níl aon oifig ruilse ná áitreabh tionsclaíochta ag an Údarás. Tá formhór na léasanna le tiarnaí talún próbháideacha ach i gcás oifigí Chorcaí agus Phort Láirge, tá an tÚdarás in áitribh a bhainistíonn Oifig na nOibreacha Poiblí. Athbhreithníonn an tÚdarás a líonra oifigí go rialta chun a chinntiú go leanann sé ag comhlíonadh ár gceanglas oibriúcháin leanúnach.
- c) Tá Ceann-Oifig an Údaráis i mBaile Átha Cliath.
- d) Tá sonraí faoi na hoifigí éagsúla a úsáideann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta sa tábla seo a leanas. I dteannta na n-oifigí a úsáideann an tÚdarás, tá aonad tionsclaíochta i gContae Thiobraid Árann a úsáidtear chun míreanna móra d'ábhar fianaise a stóráil a theastódh le haghaidh imscrúduithe a dhéanann an tÚdarás.

Suíomh	Seoladh	Dáta Éaga	Préimh Bhliantúil €
An Cheann-Oifig Baile Átha Cliath	An 5ú agus an 6ú hUrlár An Foirgneamh Cathrach Sráid James Joyce Baile Átha Cliath 1	2026	928,650
Baile Átha Luain	Páirc Ghnó Fhearann na Manach Baile Átha Luain	2024	34,379
Stór fianaise	Tiobraid Árann*	Mar-2024	33,313
Trá Mhór	Port Láirge	2033	42,000
Corcaigh	1A An Meal Theas, Corcaigh	-	22,755
Gaillimh	Oifigí an Plaza Bóthar Áth Cinn, Gaillimh	2028	15,000
Cill Chainnigh	Teach Hebron 1 (An 3ú hUrlár) MacDonagh Junction Cill Chainnigh **	2022	38,643
Luimneach	Ionad Loughmore Páirc Ghnó Raheen Luimneach	2033	40,959
Sligeach	Aonad 1 Foirgnimh Beulah Bóthar Fhionasclainn, Sligeach	2032	29,520
Port Láirge	Tithe an Rialtais An Gleann, Port Láirge	-	3,719

*Tá an stór fianaise, atá i dTiobraid Árann, ag bogadh go Trá Mhór, Co. Phort Láirge in 2024 ar chostas €42,000 in aghaidh na bliana.

** Tá plé faoi léas nua ar bun le heintiteas tiarna talún Chill Chainnigh.

18. IMEACHTAÍ I nDIAIDH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Níor tharla aon imeacht idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo lena n-eisiúint a d'éileodh coigeartú ar an ráitis airgeadais.

19. NA RÁITIS AIRGEADAIS A FHAOMHADH

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 5 Márta 2024.

Ár bhfís: Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Tel: 0818 289 389

www.hsa.ie